

<b>Ainm an Tionscadail</b>	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
<b>Buntaifeadadh</b>	D162
<b>Ainm an Agalláí</b>	Peigí Nic Fhionnlaoich
<b>Ainm an Agallóra</b>	Dónall Dinny Ó Gallachóir
<b>Dáta an Agallaimh</b>	26/11/2008
<b>Suíomh an Agallaimh</b>	Cill Ráin, An Clochán
<b>Ainm an Tras-scríbhneora</b>	Anna Ní Pheanróis

(gáire)

(sos)

(--)

Tús bréige

' \_\_\_\_\_ '

Focal dothuigthe

' \_\_\_\_\_ +'

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

....

Beirt ag caint ag an am amháin

[]

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

**DÓNALL:** *Right* anois a Pheigí, ar mhaith leat inse domh fan lá a chuaigh tú chuig an Chéad Chomaoineach, a Pheigí?

**PEIGÍ:** Bhuel, an lá a chuaigh mise na Chéad Chomaoineacha, cibé a d'íth mé roimhe an 11, ní raibh cead agat dada a ithe i ndiaidh an 12.

**DÓNALL:** Chaithfeá a bheith i do throscaidh, creidim.

**PEIGÍ:** Chaithfeá a bheith i do throscaidh. Agus d'ól mé, sílim, cupa uisce roimh an 12 an oíche sin agus ní raibh dada ite agam agus fuair mé féin agus cailín eile na Chéad Chomaoineach, tá muid inár chomrádaí ar fad, tá sise thall in Albain. Agus nuair mise fhad le Teach an Phobail, bhí an bheirt againn ag siúl isteach le chéile agus thit mise síos lena taobh, bhí mé lag. Ní raibh dada ite agam. Sin an sórt saoil, ní raibh cead againn dada a ithe *you see*. Agus bhí mé an-lag agus go díreach thit mé, fuair mé laige síos ag a taobh. Agus creidim gur thug siad, cibé ar thug siad domh ansin le mé a thabhairt thart ar ais, bhí sin ceart go leor ansin, sin an chéad, sin an Chéad Comaoineach a bhí agamsa a Dhónaill.

**DÓNALL:** Agus c'áit a raibh an Teach Phobail, taobh...?

**PEIGÍ:** Thíos anseo. Phasáil tusa aníos é nuair a bhí tú ag teacht aníos anseo. Tá me cinnte gur phasáil, chaithfeá pasáil...*em*, taobh do lámhe deise *just*, síos giota ó bharr na coille, an áit ar thiontaigh tusa anuas...

**DÓNALL:** ...Ó, tuigim anois...

**PEIGÍ:** ...An teach phobail...

**DÓNALL:** ...Sea...

**PEIGÍ:** ...Tá sé suas giota.

**DÓNALL:** C'ainm atá ar an Teach Phobail sin?

**PEIGÍ:** Cill Taobhóige.

**DÓNALL:** Cill Taobhóige, *yeah*.

**PEIGÍ:** *Aye*, Cill Taobhóige. Ná, Paróiste Ghleann Fhinne atá sé, *you see*.

**DÓNALL:** Agus an mbeadh an sagart ansin crua oraibh a Pheigí, cosúil le, bhfuil a fhios agat, foghlaim Teagasc Críosta agus achan rud mar sin?

**PEIGÍ:** Bhí. Chaithfeá an teagasc Críosta a bheith agat ó chlúdach go clúdach an t-am sin a Dhónaill. Tá cuimhne agam máistir na scoile a bhí agam, máistreás na scoile a bhí againn, bhéarfadh sí isteach fhad le room beag a bhí sí féin ag fanacht ann, 9 nó 10 chloigne againn agus ag foghlaim an teagasc Críosta dúinn. Ó bhí sé an-chrua a Dhónaill, chaithfeá...

**DÓNALL:** ...Agus chaithfeá é a fháil ceart.

**PEIGÍ:** Chaithfeá é a fháil ceart, bhuel fiachadh le é a fháil ceart ar scor ar bith, bhí sé an-chrua. Bhí sé an-chrua. Ach ní hé sin mar atá anois, tá a fhios agat.

**DÓNALL:** Bhí sé fosta, creidim nuair a phós tú a Pheigí, bhí, bhí, bhí teagasc Críosta le foghlaim fosta ag chúplaí agus.

**PEIGÍ:** Á bhuel, ní raibh.

**DÓNALL:** Ní raibh.

**PEIGÍ:** Ní raibh. Ní raibh san am sin a Dhónaill, á ní raibh. *No*, ní raibh san am sin. Bhí, bhí, bhí, sin, sin in seachtó, seasca a hocht.

**DÓNALL:** Á, bhuel, ní raibh.

**PEIGÍ:** Ní raibh.

**DÓNALL:** Cha raibh san am sin *sure*.

**PEIGÍ:** *Aye*. Agus ní raibh dada san am sin, *no*, ní raibh dada san am sin. Sé, sé'n t-am a bhí, bhí muid ag gabháil na scoile a ba chrua, a Dhónaill. Sin an t-am a bhí, bhí, bhí an t-am sórt, ní raibh caill air san am sin ach leora bhí an t-airgead gann fosta.

**DÓNALL:** Ní raibh airgead ar bith ann, d'fhéadfá a rá.

**PEIGÍ:** Ní raibh. Ní raibh. Ní raibh.

**DÓNALL:** Achan duine beo bocht go díreach.

**PEIGÍ:** Achan duine beo bocht agus bhí tusa agus mise agus achan duine eile mar a leanann *you know*.

**DÓNALL:** *Mmm.*

**PEIGÍ:** Bhí. Ní raibh airgead ag duine ar bith.

**DÓNALL:** Ní raibh na carranna seo ann a Pheigí atá tú a fheiceáil ina rith thart anois.

**PEIGÍ:** Ó Dhia ár sábháil, ní raibh ar chor ar bith. Árú, ní raibh ar chor ar bith na cha raibh carranna ar bith ann ar chor ar bith a Dhónaill, cúpla carr a Dhónaill, macasamhail dochtúir ná sagart ná rud inteacht.

**DÓNALL:** Sin a raibh.

**PEIGÍ:** *Mmm.* Agus ag gabháil na scoile fríd sneachta agus sioc, agus, rá, ráthanna móra sneachta. Rachfá síos iontu agus cha raibh ann ach go mbeifeá abalta a theacht astu arais.

**DÓNALL:** Ach chaithfeá a dhul go díreach na scoile, ba chuma caidé an cineál...

**PEIGÍ:** ...Chaithfeá a dhul na scoile, ó chaithfeá a dhul san am sin, na scoile. Bhuel, leora ní raibh mise ar an scoil achan lá, ná bhí turas fada againn le dhul na scoile.

**DÓNALL:** Sé, bhuel dúirt tú, dúirt tú sin liom.

**PEIGÍ:** Ní raibh mise ar an scoil achan a bhí, na máistirí san am sin, bhí siad iontach crua ar pháistí.

**DÓNALL:** Bhí.

**PEIGÍ:** Bhí siad iontach crua.

**DÓNALL:** Bhí siad \_\_\_\_\_ go maith anois.

**PEIGÍ:** Bhí siad níos crua ná ba chóir dóibh a bheith, sílim féin, *you know*.

**DÓNALL:** Bhí. Ní raibh tuigbheál ar bith...

**PEIGÍ:** ...\_\_\_\_\_ trom orthu inniu, bhfuil a fhios agat, bhí siad níos crua ná ba chóir dóibh a bheith. Bhí agus gan a dhath ite againn ná dada chóir a bheith ar maidin *you know*.

**DÓNALL:** An raibh siad ag tabhairt cóca daoibh a Pheigí nó an raibh siad ag gabháil dá sin san am sin?

**PEIGÍ:** Bhuel, cóca lá, bhuel, bhuel, sílim féin, níor ól mise mórán cócócó cinnte, tae a bhí ann i gcónaí a Dhónaill. Ach ní raibh, beagán le hithe *just*.

**DÓNALL:** Ach an raibh siad ag tabhairt cócócó amach ar an scoil a Pheigí, an bhfuil cuimhne agat?

**PEIGÍ:** Ní raibh, á, Dhia ár sábháil, ní raibh.

**DÓNALL:** Ní raibh iomrá air.

**PEIGÍ:** Chaithfeá agus fá choinne ábhar tinibh, rud a chaithfeá, cúpla fód móna a bheith leat na scoile. Agus ansin nuair a bhéarfá na cúpla fód sin na háite, bheadh oiread cruinn thart fan tine sin agus ní bhfaighfeá a chóir, i ndiaidh na cúpla fód a bheith leat 's uilig, *you know*. (Gáire) Ní bhfaighfeá chóir na tinibh. Ó, my, my, bhi sé corr, *you know*. Bhí. *Mmm*. Ó, is cuimhne liom sin, cinnte, bhí, bhí, bhí, bhí am crua ann agus gheofá, má raibh an freagra ceart agat, gheofá corr *slap* maith crua. Ach creidim nach ndearna sé dada orainn, *you know*, ach, go díreach, ní thiocfadh leat dearmad a dhéanamh do.

**DÓNALL:** *No but* ag an am chéanna, cha raibh sé ceart ach oiread a Pheigí.

**PEIGÍ:** Ní raibh, ó Dhia.

**DÓNALL:** Chan sin an dóigh le teagasc.

**PEIGÍ:** Bheadh an-lúchair ort nuair a thioctadh an trí a chlog a Dhónaill.

**DÓNALL:** (Gáire)

**PEIGÍ:** Ó Dhia, ionas go bhfaighfeá ar shiúl ar ais...

**DÓNALL:** ...Bí geall go mbeadh.

**PEIGÍ:** Bhí an mhaidin lá arna mhárach ansin romhat ar ais, chaithfeá a bheith ar shiúl ar ais.

**DÓNALL:** Char dtige! A pheigí, an bhfuil tú ag gabháil a cheol cúpla amhrán eile domh a chailleach? Cheol tú go maith an lá deireanach domh...

**PEIGÍ:** ...(Gáire) Ó Dhia. Níl a fhios agam...

**DÓNALL:** ...Agus fuair tú réitigh den tslaighdeán `s...

**PEIGÍ:** Níl a fhios agam an ndéarfaidh achan duine sin a Dhónaill. Ach ní mhothóidh a'n duine eile é, tá mé ag dúil?

**DÓNALL:** *No.*

**PEIGÍ:** Tá mé ag *dependáil* ort anois.

**DÓNALL:** Ó bhuel, d'ínis mé duit é.

**PEIGÍ:** *Aye.*

**DÓNALL:** ..gCeolfaidh, An gceolfaidh tú ceann, bhí tú ag caint air ansin níos luaithe nuair a bhí muid ag ól an tae; "*Hills of Glenswilly*", an bé a Pheigí?

**PEIGÍ:** Sea, sin an ceann a bhí tusa ag caint air?

**DÓNALL:** Sé, an gceolfaidh tú é sin?

**PEIGÍ:** Dhéanfaidh mé mo dhícheall a Dhónaill, dhéanfaidh mé mo dhícheall, a fhad 's nach dtéim fríd, a fhad is atá seo agam ní rachaidh mé fríd agus na gloine, ní rachaidh mé fríd. Ta sé doiligh, deir siad go bhfuil ceoltóir maith doiligh a *startáil*.

**DÓNALL:** (Gáire)

**PEIGÍ:** Ar mhothaigh tú sin ariamh?

**DÓNALL:** Níor mhothaigh.

**PEIGÍ:** Ach ní hé sin an cás agamsa.

**DÓNALL:** *No*, níor mhothaigh me iomrá ar sin ariamh.

**PEIGÍ:** (Gáire) Caidé a dhéan, an dtosóidh mé anois?

**DÓNALL:** Sé, ó, *aye*, ceol ar do shuaimhneas ansin.

**PEIGÍ:** [Í ag ceol *The Hills of Glenswilly*]

"Attention pay, my countrymen, and hear my latest news;

Although my song is sorrowful, I hope you'll me excuse;

I left my peaceful residence a foreign land to see,

And bid farewell to Donegal, likewise to Glenswilly.

Brave stalwart men around me stood, each comrade kind and true  
And as I grasped each well-known hand to bid them all adieu;  
Said I, my fellow countrymen, I hope you'll soon be free'  
To raise the sunburst proudly o'er the hills of Glenswilly

'Twas on a summer's morning at the dawning of the day  
I left my peaceful happy home to wander far away;  
And as I viewed those grand old scenes, perhaps no more to see,  
Sure I thought my heart would surely break when leaving Glenswilly.

No more beside the sycamore I'll hear the blackbird sing;  
No more to hear the blithe cuckoo to welcome back the spring;  
No more I'll plough those fertile fields, a chuisle geal mo chroídhe,  
On a foreign soil I'm doomed to toil faraway from Glenswilly

May peace and plenty reign supreme around Lough Swilly's shore;  
May discord never enter those Irish homes no more;  
And may the time soon come around, when I'll return to thee,  
And live where my forefathers lived, and died in Glenswilly".

**PEIGÍ:** Sin anois agat é a Dhónaill.

**DÓNALL:** Tá sé sin ina amhrán ar dóigh.

**PEIGÍ:** Tá, tá sé ina amhrán mhaith cinnte.

**DÓNALL:** Tá sé galánta.

**PEIGÍ:** Tá sé ina amhrán mhaith a Dhónaill, tá.

**DÓNALL:** *Micí Mc Ginley* a scríobh sin.



**PEIGÍ:** *Aye*, dúirt tú sin a Dhónaill. *By God*, bhí sé maith ag cumadh amhráin.

**DÓNALL:** Bhí sé maith ag cumadh.

**PEIGÍ:** Bhí sé maith ag cumadh amhráin, ó bhí. Bhí, mhothaigh mé iomrá ar an fhear sin cinnte ach ní raibh aithne ar bith agam air ná ar a mhac ach an oiread ach mhothaigh mé iomrá ar *Tony Mc Ginley* cinnte.

**DÓNALL:** Sea.

**PEIGÍ:** Agus níl sé an t-anfhad sin ó cuireadh é.

**DÓNALL:** Cúpla bliain, *yeah*.

**PEIGÍ:** Cúpla bliain, cinnte, a Dhónaill, *aye*, cúpla bliain, *aye*.

**DÓNALL:** Sin a bhfuil, sin a bhfuil ann. Ó bhí mé istigh aige go minic, *but*.

**PEIGÍ:** An raibh?

**DÓNALL:** D'inis sé domh gur a athair a scríobh, a scríobh an t-amhrán sin.

**PEIGÍ:** *My, my*.

**DÓNALL:** Bhí cúpla ceann eile fosta but ...

**PEIGÍ:** ...*Aye*, *aye*.

**DÓNALL:** Fear de na Fíníní a bhí ann agus é ar a sheachnadh *so* sin an tuighe a raibh sé ag scríobh sin.

**PEIGÍ:** Sea cinnte.

**DÓNALL:** Tá na focail ansin mar a litir ann go díreach.

**PEIGÍ:** Tá cinnte, mar bheadh litir ann cinnte, a Dhónaill, tá cinnte.

**DÓNALL:** *Mmm.*

**PEIGÍ:** Bhfuil a fhios agat, bhuel, níl a fhios agam anois cé acu tá sé thíos agamsa, bhféidir go bhfuil focail ann nár, nár chuir mise ann ach sin an dóigh a bhí sé agamsa, *you know.*

**DÓNALL:** Ó, tá sé agat agus agat go maith.

**PEIGÍ:** Sin an dóigh a bhí sé agam ach *by God*, bhí sé, bhí sé maith, bhí sé, bhí sé, curtha síos go han-mhaith.

**DÓNALL:** Bhí sé maith ag cumadh.

**PEIGÍ:** Bhí sé maith ag cumadh. Ba mhór an trua a bhás.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**PEIGÍ:** *Aye*, ba mhór an trua a bhás. *Aye*, ó bhí, bhí, bhí corr dhuine maith ag gabháil d'amhráin mar sin a Dhónaill.

**DÓNALL:** Ó bhí go leor acu nach raibh mórán iomrá orthu.

**PEIGÍ:** Bhí, bhí. Bhí tréan, go díreach nach raibh mórán iomrá orthu.

**0180D016205**

**PEIGÍ:** [Amhrán a cheol aici, "Eibhlín McMahon – The Pride of Old Erin's Green Shore"]

"One night as I lay on my pillow,  
A vision appeared in my view'  
Of a ship sailing over the ocean'  
As the night wind tremendously blew.

On the deck stood a handsome young lady,  
Her features I ne'er saw before,  
She sighed for the wrongs of her country,  
Saying "I'm banished from Erin's green shore".

In thoughts I approached this young lady,  
I asked her the cause of her sigh,  
Saying "Cheer up my handsome young lady,  
I'll be your slave 'til I die".

She looked at me in meditation,  
As the tears from her blue eyes did roll,  
Saying "I'm a poor exile from Ireland,  
The land where the green shamrock grows.

My name it is Eileen McMahan,  
My age it is scarcely eighteen,  
I thank you, good sir, for your kindness,  
For you know not how lonely I've been.

For the want of employment in Ireland,  
I was forced as an exile to roam,  
Far away from my home in Killarney,  
Where in childhood I longed for to play".

'Twas then I awoke from my slumber,  
In fancy I see her no more,

It was only the face of my mother,  
Who stood gazing and smiling at me.

The ship on the ocean had vanished,  
In fancy I see her no more,  
That beautiful Eileen McMahan.  
The pride of old Erin's green shore".

**DÓNALL:** Sin amhrán galánta, chuala mé é roimhe, ceart go leor.

**PEIGÍ:** Ar chuala?

**DÓNALL:** *No*, níor aithin mé ar tús anois ach aithním anois é.

**PEIGÍ:** *Mmm.*

**DÓNALL:** Amhrán galánta.

**PEIGÍ:** *Aye.* Bheadh sé, tá sé, focail maith duit ar scor ar bith.

**DÓNALL:** Ó, tá sé.

**PEIGÍ:** (Gáire)

**0180D016206**

**PEIGÍ:** Rud atá an t-amhrán fá dtaobh de, bhí *accident*, seo cailín agus buachaill a bhí i gcarr agus bhí *accident* ag an charr. Agus cluinfidh tú má tá an t-amhrán, inseoidh an t-amhrán.

**DÓNALL:** Tá sé in san amhrán *but* bhí sé scríofa fá dhaoine san áit seo a Pheigí ná?

**PEIGÍ:** Ó, ní raibh, *no, no.*

**DÓNALL:** *No.*

**PEIGÍ:** *No, ní raibh. No.*

**DÓNALL:** *Right. So, c'ainm a thug tú air, "Number Nine", a dúirt tú, an bé?*

**PEIGÍ:** *Sea, "Number Nine", sin an t-ainm atá air.*

**DÓNALL:** *Right.*

**PEIGÍ:** *Aye.*

**DÓNALL:** *Ceol thusa sin.*

**PEIGÍ:** *Caithfidh mise ó \_\_\_\_\_+ a Dhónaill.*

**DÓNALL:** *Ó, fan bomaite anois.*

**PEIGÍ:** *Aye.*

**DÓNALL:** *Nuair a bheas tú réidh a Pheigí.*

**PEIGÍ:** *[Í ag ceol amhráin, Number Nine].*

*'Twas a cold winter's night, not a star was on sight  
And the north wind came howling down the line,  
With his sweetheart so dear stood a young engineer  
And his order was to drive out Number Nine.*

*As he kissed her goodbye with a tear in his eye  
But the joy in his heart he could not hide,*

For the whole world seemed bright when she told him that night  
That tomorrow she'd be his loving bride.

As the train drove along from her wheels came a song  
And the black smoke came pouring from her stack,  
The headlights a gleam seemed to brighten his dream  
Of tomorrow when he'd be coming back.

As she sped round a hill his brave hearted stood still  
For some headlights was gleaming in his eyes,  
He murmured a prayer, he then threw on the air  
For he knew this would be his final race.

On the wreckage he was found lying dying on the ground  
As he asked them to lift his weary head,  
As his breath slowly went; here's a message that he sent  
To the girl he thought would be his own.

"There's a neat little home which I built for our own  
It's here I thought we could live happy bye and bye,  
But I leave it to you for I know you've been true ,  
'Til we meet at the Golden Gates, Goodbye.

**DÓNALL:** Sin é. Níor chuala mé ariamh é a Pheigí.

**PEIGÍ:** Ná nár chuala.

**DÓNALL:** No.

**PEIGÍ:** Sea, "Number Nine" a bheir siad ar sin. Ó creidim gur, bhuel, bheadh sé go measartha sean creidim.

**DÓNALL:** Déarfainn go bhfuil.

**PEIGÍ:** *Mmm.*

**DÓNALL:** Bhí an scéala ann mar a dúirt tú.

**PEIGÍ:** Bhí an scéala ann cinnte.

**DÓNALL:** Sé, tá sé mar a ...

**PEIGÍ:** ...Insíonn an t-amhrán an scéal.

**DÓNALL:** Sé, tá sé mar an litir ann go díreach.

**PEIGÍ:** Tá sé mar a bheadh litir ann cinnte. *Maigh, maigh ó.*

**DÓNALL:** Ach sin dá raibh na sean amhráin.

**PEIGÍ:** Sea cinnte, sea. Sea, bhfearr liomsa, níl mórán in sna hamhráin úra a Dhónaill.

**DÓNALL:** Níl.

**PEIGÍ:** Níl mórán iontu, *you know.* Ní, ní.

**DÓNALL:** *No,* níl croí ná anam iontu cosúil leis na sean amhráin.

**PEIGÍ:** Níl. Bhí, bhí, bhí na sean amhráin, bhí siad ag inse sóirt scéil *you know.*

**DÓNALL:** Bhí.

**PEIGÍ:** Bhí, bhí cinnte, *aye,* bhí cinnte.

**PEIGÍ:** [Amhrán eile a cheol ag Peigí, "Lovely Derry on the Banks of the Foyle"].

I know a wee spot, it's a spot of great fame  
And it lies to the North, and I'll tell you it's name.  
It's my own place of birth, and it's on Irish soil  
It's called lovely Derry on the banks of the Foyle.

I was young, I was foolish, like the rest of the boys  
I had not many sorrows nor yet many joys.  
I worked hard for a living, and so hard did I toil  
Far away from lovely Derry on the banks of the Foyle.

I courted a wee girl, her age was nineteen  
She was the fairest wee colleen that ever you seen.  
Her cheeks bloomed like roses, her hair waved in curl  
She came from lovely Derry on the banks of the Foyle.

But when I make a fortune, it's home I will go  
To the land of my birthplace and the wee girl I know.  
I'll build her a mansion, and no more will I toil  
Far away from lovely Derry on the banks of the Foyle.

**DÓNALL:** Sin é a Pheigí.

**PEIGÍ:** Ó *my* ó.

**DÓNALL:** Anois tá tú sásta le sin?

**PEIGÍ:** (Gáire), tá, bhuel, *by gorra*, bhuel má tá tusa sásta le sin.

**DÓNALL:** Á *no*, bhí sin maith. Bhí sin maith a Pheigí. *Right*, fágfaidh mé ag sin inniu tú agus tá mé fíor bhuíoch díot a Pheigí.



**PEIGÍ:** Maith.

**DÓNALL:** Sin léir amhráin ceolta agat inniu domh.

**PEIGÍ:** *Mmm.*

**DÓNALL:** Maith an bhean.